# Naomh Iósaef

Rugadh Iósef i mBeithil, gar d'Iarúailéim. Tar éis tamaill bhí cónaí air Nazarat sa Ghailíl. Siúinéir ba ea é. Bhí Iósef agus Muire pósta le chéile. Fear maith ba ea é Iósef, é dílis do Dhia agus don Dlí. Roghnaigh Dia é mar athair d'Íosa. Ní raibh Iósef saibhir.

**Brionglóid Iósaef (Matha 1:18-24)**
Seo mar a tharla Íosa Críost a shaolú. Bhí Muire, a mháthair, luaite le hIósaef, agus sula ndearnadar aontíos, fuarthas torrach í ón Spiorad Naomh. Ba dhuine cóir a fear céile Iósef, ach níorbh áil leis go dtabharfaí míchlú di, agus chinn sé í a scaoileadh uaidh os íseal. Ag macnamh ar an méid sin dó, áfach, thaispeáin aingeal ón Tiarna é féin dó i mbrionglóid agus dúirt: "A Iósaef, a mhic Dháiví, ná bíodh eagla ort do bhean chéile Muire a thabhairt abhaile leat, óir, an leenbh atá gafa bici, is ón Spiorad Naomh é. Béarfaidh sí mac, agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air, óir slánóidh sé a phobal óna bpeacaí. Thit an méid sin go léur amach chun go gcomhlíonfaí a ndúirt an Tiarna tríd an bhfáidh: "Beidh an mhaighdean torrach agus béarfaidh sí mac agus tabharfar Imeánúéil mar ainm air,"- ainm a chiallaíonn: Tá Dia linn.
Dhúisigh Iósef agus d'éirigh, agus rinne mar a d'ordaigh angel an Tiarna dó.

**Paidir:** A Naoimh Iósaief, roghnaigh Dia tú mar fhear chéile do Mhuire agus mar athair d'Íosa. Chosain tú agus thug tú grá don Teaghlach Naofa. Guigh orainn agus ár son ár dteaghlach. Áiméan.

Scríobh pictiúr a tharraingt de bhrionglóid a d'fhéadfadh a bheith agat nó an aisling a bhí ag Iósaef sa scéal thuas.